An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

# Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Ag Dearadh agus Ag Déanamh

## Modúl Roghnach

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2026.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# An Clár Ábhar


Réamhrá 2

Réasúnaíocht 2

Leanúnachas agus dul chun cinn 3

Teagasc agus foghlaim 4

Modúl: Ag Dearadh agus Ag Déanamh 5

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl Roghnach is ea Ag Dearadh agus Ag Déanamh.

Ceapadh Ag Dearadh agus Ag Déanamh le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Ag Dearadh agus Ag Déanamh | 60 |

# Réasúnaíocht

Is é is aidhm don mhodúl roghnach Ag Dearadh agus Ag Déanamh ná tuiscint na scoláirí ar an ndearadh agus ar an bpróiseas deartha a fhorbairt. Cuireann sé eispéiris foghlama ar fáil do scoláirí ina n-úsáideann siad réimse ábhar agus uirlisí. Téann na scoláirí i ngleic leis an bpróiseas deartha atriallach, rud a chuireann ar a gcumas a bheith ina gcruthaitheoirí agus ina gcomhoibrithe, agus a ullmhaíonn iad le haghaidh dúshláin san fhíorshaol. Trí na scoláirí a threorú trí gach gné den phróiseas deartha, cuireann an modúl lena smaointeoireacht chriticiúil, cumasaíonn sé cruthaitheacht agus tacaíonn sé le cinnteoireacht. Tugann an modúl Ag Dearadh agus Ag Déanamh taithí theagmhálach do scoláirí i láimhsiú uirlisí gearrtha agus cóimeála, agus é ag leagan béim ar iad a úsáid go sábháilte san am céanna. Cabhraíonn sin lena muinín a fhorbairt agus tacaíonn sé lena neamhspleáchas.

Cuireann Ag Dearadh agus Ag Déanamh le forbairt phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí agus a mhalairt. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus déantar forbairt scileanna saoil tábhachtacha, atá bunriachtanach do neamhspleáchas na scoláirí, a chur chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe do na scoláirí ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann siad dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn siad chuig an saol tar éis na scoile.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Leis an modúl seo, tógtar ar fhoghlaim agus eispéiris na scoláirí i gCuraclam na Bunscoile agus sa Chreat don tSraith Shóisearach. Tacaíonn an fhoghlaim tríd an modúl Ag Dearadh agus Ag Déanamh go sonrach le príomhscileanna na scoláirí ón tsraith shóisearach a fhorbairt, príomhscileanna a bhaineann le Féinbhainistiú, le bheith ag Fanacht folláin, le Cumarsáid a dhéanamh, le bheith Cruthaitheach, le bheith ag Obair le daoine eile agus le hEolas agus smaointeoireacht a bhainistiú. Tríd an modúl, cuirtear forbairt agus foghlaim chun cinn freisin i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, comhordú luaile, soghluaisteacht agus scileanna fóillíochta. B'fhéidir go mbeadh cur amach ag scoláirí cheana féin ar an bpróiseas dearaidh toisc go gcuirtear i bhfeidhm é in go leor ábhar sa tsraith shóisearach amhail Teicneolaíocht Adhmaid, Grafaic, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Eacnamaíocht Bhaile agus Amharc-ealaín.

Is é is aidhm don mhodúl roghnach príomhinniúlachtaí sraithe sinsearaí na scoláirí a fhorbairt, is iad sin, a bheith Rannpháirteach sa tsochaí, bheith ag Obair le daoine eile, Cumarsáid, Folláine a chothú, Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach, a bheith Cruthaitheach, Bainistiú foghlama agus féinbhainistiú, agus braistint gaisce agus muiníne a sholáthar do na scoláirí ina gcuid foghlama. Tugtar deiseanna do na scoláirí a léiriú conas is féidir foghlaim a fhaightear anseo a bheith nasctha leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil agus réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil, agus a gcuid foghlama á cur i bhfeidhm i réimsí amhail Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Cúram Pearsanta, Cócaireacht, Aire a thabhairt do mo thimpeallacht, Amharc-ealaín nó a Réimse Sainspéise. Is féidir an fhoghlaim a fhaightear anseo a aistriú thar réimsí iomadúla foghlama. Tá an méid sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht na scoláirí a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, a bheith cruthaitheach, iad féin a chur in iúl agus a gcuid smaointe a fhiosrú ar bhealaí éagsúla. Tríd sin tacaítear leis na scoláirí lasmuigh den scoil agus soláthraítear braistint gaisce agus muiníne dóibh de réir mar a aistríonn siad chuig saol na hoibre, an staidéir nó seirbhísí breise lasmuigh den scoil.

# Teagasc agus foghlaim

Leagtar béim sa mhodúl roghnach Ag Dearadh agus Ag Déanamh ar an rannpháirtíocht ghníomhach, ar an rannpháirtíocht shóisialta, agus ar an bhfoghlaim eispéireasach agus chéadfach, ag díriú ar an aimsiú treoraithe. Ba cheart go spreagfaí gníomhaíochtaí praiticiúla agus foghlaim atá bunaithe ar thionscadail sa timpeallacht foghlama. Tá cúig chéim leis an bpróiseas deartha; Ag Fiosrú, Ag Samhlú, Ag Pleanáil, Ag Cruthú agus Ag Tástáil. Tríd an próiseas deartha a chur i bhfeidhm, dearfaidh agus cruthóidh na scoláirí chun réiteach ar riachtanas nó ar fhadhb a chruthú.




**Fíor 1:** An próiseas deartha

Ba cheart na scoláirí a spreagadh le bheith ag plé le réimse ábhar, uirlisí agus teicnící, a roghanna a shainaithint agus tús a chur le tuiscint a fháil ar choincheap an deartha agus an déanta ar bhealach dáiríre.

Trí ábhair éagsúla a fhiosrú, amhail páipéar, cairtchlár, adhmad, plaisteach, teicstílí, fabraicí nó miotail, gnóthóidh na scoláirí eolas praiticiúil ar airíonna ábhar agus ar an gcaoi ar féidir iad a úsáid, rud a chuirfidh bonn eolais faoina gcinnteoireacht. Tá an tsolúbthacht ag scoileanna a gcuid ábhar féin a sholáthar agus/nó iad a roghnú ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar ábhair spéise a scoláirí.

Leagtar béim láidir sa mhodúl seo ar uirlisí gearrtha agus cóimeála a úsáid go sábháilte agus go héifeachtach, rud a thugann deis do scoláirí muinín agus inniúlacht sa láimhseáil uirlisí a chothú.

D'fhéadfadh na huirlisí seo a leanas, de réir mar is cuí don scoláire, a bheith i gceist le huirlisí gearrtha: siosúr, sceana ceardaíochta, gearrthóirí rothlacha, sábha, gilitíní agus gearrthóirí sreinge. D'fhéadfadh na huirlisí seo a leanas a bheith i gceist le huirlisí cóimeála: scriúirí, castairí, casúir, eochracha Allen, gunnaí stáplaí, gunnaí gliú agus clampaí. D'fhéadfadh na teicnící seo a leanas a bheith i gceist le teicnící siúntála sealadacha: clampáil, scriúáil, ceanglóirí miotail agus fuáil. D'fhéadfadh na teicnící seo a leanas a bheith i gceist le teicnící siúntála buana: gliúáil, táthú agus tairneáil.

Foghlaimeoidh na scoláirí teicnící riachtanacha le haghaidh ábhair a láimhsiú chun struchtúir agus dearaí sonracha a chruthú, lena n-áirítear gearradh, filleadh agus lúbadh. Bainfidh siad triail as modhanna éagsúla le teacht ar bhealaí nua chun oibriú le hábhair. Déanfaidh siad iad a mhúnlú agus cuirfidh siad cruth orthu le dearaí nó struchtúir ar leith a chruthú. Trí thriail a bhaint as teicnící láimhsithe éagsúla, tiocfaidh siad ar bhealaí nuálacha chun oibriú le hábhair.

Is féidir gníomhaíochtaí Ag Dearadh agus Ag Déanamh a struchtúrú ar bhealach a gcabhraítear leis na scoláirí scileanna fisiciúla agus comhordú a neartú, agus a bhfreastalaíonn ar láidreachtaí agus inniúlachtaí ar leith san am céanna. Tacaíonn neart tascanna le forbairt scileanna mínluaileacha agus oll-luaileacha, rud a thacaíonn le scoláirí láidreacht, rialú agus comhordú a fheabhsú agus iad ag obair tríd an bpróiseas dearaidh.

Spreagann cur chuige atá bunaithe ar thionscadail na scoláirí chun fréamhshamhlacha agus samhlacha a phleanáil, a chruthú agus a bheachtú, agus cothaítear próiseas foghlama atriallach dá bharr. Mar sin, is féidir leis na scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí aonair, chomh maith le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí in éineacht le comhpháirtí nó mar chuid de ghrúpa. Ba cheart cuid mhór deiseanna a thabhairt dóibh chun taithí a fháil ar an spraoi, ar an taitneamh agus ar na gnéithe cruthaitheacha agus sóisialta a bhaineann leis Ag Dearadh agus Ag Déanamh, de réir mar a phléann na scoláirí lena bpiarghrúpa agus leis an bpobal i gcoitinne.

Agus an múinteoir i mbun tascanna do na scoláirí a phleanáil, is féidir leo machnamh cúramach a dhéanamh ar an trealamh, ar an teicneolaíocht agus ar na gníomhaíochtaí trialacha a oireann do riachtanais ar leith a scoláirí. I gcás roinnt scoláirí, is féidir gurb é an pointe tosaigh a bheidh acu ná cur amach a fháil ar uigeachtaí, fuaimeanna nó bolaithe éagsúla na n-ábhar a úsáidtear, agus éirí níos compordaí leo. I gcás inar cuí, is féidir teicneolaíocht dhigiteach agus oiriúnaitheach a thabhairt isteach chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht na scoláirí. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas cabhrú leis na scoláirí chun dul i ngleic mar is ceart leis an modúl roghnach Ag Dearadh agus Ag Déanamh: áiseanna amhairc, uirlisí líníochta don líne ardaithe, uirlisí oiriúnaitheachta don déanamh agus don chruthú, gléasanna cumarsáide agus leideanna amhairc nó leideanna réad.

# Modúl: Ag Dearadh agus Ag Déanamh

## Tuairisceoir modúil

Téann na scoláirí i ngleic le gach céim den phróiseas deartha, ag roghnú ábhair chuí. Tríd sin, cuirtear ar chumas na scoláirí gníomhaíochtaí cruthaitheacha a aithint a thaitníonn leo, rud a spreagann iad le tabhairt faoin bpróiseas deartha laistigh agus lasmuigh den scoil. Ba cheart do scoláirí cleachtais sábháilteachta a leanúint agus iad ag láimhsiú ábhar, amhail uirlisí a úsáid i gceart agus éadaí cosanta cuí a chaitheamh. Is féidir tacú leis na scoláirí, agus iad a threorú, le linn a rannpháirtíochta le gach céim den phróiseas.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **An Próiseas Deartha** | |
| **Ag Fiosrú** | **a.** riachtanas nó fadhb a shainaithint<br>**b.** ceisteanna a chur chun an riachtanas nó an fhadhb a thuiscint<br>**c.** ábhair éagsúla a shainaithint agus a ainmniú |
| **Ag Samhlú** | **d.** réiteach ar an riachtanas nó ar an bhfadhb a shainaithint<br>**e.** ábhair a aithint a d'fhéadfaí a úsáid i gcruthú an réitigh, is é sin an réiteach ar an riachtanas nó ar an bhfadhb a sainaithníodh cheana<br>**f.** comparáid a dhéanamh ar airíonna ábhar éagsúil |
| **Ag Pleanáil** | **g.** smaointe cruthaitheacha le haghaidh an réitigh a sainaithníodh a fhorbairt agus a chur i láthair<br>**h.** scileanna agus roghanna pearsanta a shainaithint maidir le cruthú an réitigh a shainaithin siad<br>**i.** na céimeanna atá riachtanach chun a réiteach sainaitheanta a chruthú a shainaithint<br>**i.** na hábhair atá riachtanach le haghaidh an réitigh a shainaithin siad a shainaithint |
| **Ag Cruthú** | **k.** samplaí, agus teicnící nó próisis a bhfuil cur amach acu orthu a leanúint agus iad ag cruthú an réitigh a shainaithin siad<br>**l.** plean céim ar chéim a leanúint chun samhail bhunúsach nó fréamhshamhail dá réiteach a chruthú<br>**m.** ábhair éagsúla a úsáid chun réitigh agus fréamhshamhlacha de réitigh a chruthú |
| **Ag Tástáil** | **n.** a réiteach a bheachtú nó a athrú bunaithe ar thástáil nó ar aiseolas<br>**o.** an tionchar a bhíonn ag rogha ábhair ar an timpeallacht a aithint |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **Déantúsaíocht agus láimhsiú ábhair**<br>Teicnící le haghaidh ábhair a láimhsiú chun struchtúir agus dearaí nuálacha a chruthú. | **p.** uirlisí gearrtha éagsúla a shainaithint agus a ainmniú<br>**q.** an chaoi a láimhseáiltear uirlisí gearrtha go sábháilte a léiriú, lena n-áirítear an greim agus an úsáid cheart<br>**r.** ábhair a ghearradh trí línte marcáilte nó patrúin a leanúint<br>**s.** uirlisí gearrtha a úsáid chun fréamhshamhlacha nó tionscadail shimplí a chruthú<br>**t.** idirdhealú a dhéanamh idir teicnící siúntála sealadacha agus buana<br>**u.** teicnící bunúsacha a léiriú maidir le hábhair a láimhsiú<br>**v.** cruth a chur ar ábhair agus iad a mhúnlú ina ndearaí nó ina struchtúir ar leith<br>**w.** ábhair éagsúla a thabhairt le chéile chun tionscadal cumaisc a chruthú<br>**x.** triail a bhaint as teicnící láimhsithe éagsúla le teacht ar bhealaí nua chun oibriú le hábhair. |
| Measúnú a dhéanamh ar an dearadh agus an struchtúr. | **y.** cur síos a dhéanamh ar a gcuid oibre ag baint úsáid as an teanga nó as an téarmeolaíocht chuí<br>**z.** cur síos a dhéanamh ar dhúshláin a bhain dóibh |

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Foilsithe mí Lúnasa 2026.